Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2023/2165(DEC)

24.1.2024

TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) don bhliain airgeadais 2022
(2023/2165(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Tomáš Zdechovský

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur in iúl gur geal léi gur dhearbhaigh an Chúirt Iniúchóirí (an 'Chúirt') go bhfuil na hidirbhearta is bonn le cuntais bhliantúla Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais ('eu-LISA') don bhliain airgeadais 2022 dlíthiúil agus rialta i ngach gné ábharach;

2. á chur in iúl gur oth léi gurb amhlaidh, in 2022, a bhí méid de € 17.8 milliún, arbh ionann é agus 4.8% de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí iomlána a bhí ar fáil, ina chaiteachas neamhchomhlíontach a sháraigh an tairseach ábharthachta a leagadh síos don iniúchadh, rud a d'fhág gur thug an Chúirt tuairim cháilithe ar dhlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí, i ndiaidh tuairimí cáilithe ar neamhrialtacht íocaíochtaí eu-LISA in 2020 agus in 2021; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil roinnt barúlacha ón gCúirt ó bhlianta roimhe seo fós ar siúl; á iarraidh ar eu-LISA déanamh de réir na mbarúlacha ón gCúirt agus dlús a chur leis na hiarrachtaí ar ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a chur chun feidhme sna cásanna neamhchomhlíonta uile atá fós ann agus tuarascáil a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar an dul chun cinn arna dhéanamh;

3. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thug an Chúirt barúlacha de dhlíthiúlacht agus rialtacht idirbheart, de chórais bhainistíochta agus rialaithe, agus de bhainistiú buiséadach agus é á thabhairt dá haire aici go dtagann rátaí arda tráthrialta na tabhartha anonn, arb ionann iad agus €14,4 mhilliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2022 arna dtabhairt anonn go 2023, salach ar phrionsabal buiséadach na bliantúlachta agus gur léiriú iad ar fhadhbanna struchtúracha a bheith ann i bpróiseas an bhuiséid agus i dtimthriall an chur chun feidhme;

4. á chur in iúl gur oth léi go raibh roinnt d'íocaíochtaí 2022 nasctha le trí chonradh lena n-áirítear conradh sonrach amháin de EUR 40 milliún, a fuarthas a bheith neamhrialta in 2021 agus in 2022; ag cur suntas sna freagraí a thug eu-LISA inar sonraíodh go ndearnadh roinnt conarthaí neamhrialta a athbhreithniú agus a leasú, nó nach ndearnadh iad a fhadú go dtí 2023;

5. ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis aiféala aici, gurb amhlaidh, as na naoi mbarúil ón gCúirt dar dáta 2017, 2018 agus 2021, nár cuireadh clabhsúr ach ar cheann amháin acu; ag aithint gur fhorbair eu-LISA plean gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar na sé bharúil leanúnacha ó 2021; á iarraidh go ndéanfar an plean gníomhaíochta sin a chur chun feidhme go hiomlán; á iarraidh ar eu-LISA aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na barúlacha ón gCúirt agus tuairisc a thabhairt ar an dul chun cinn arna dhéanamh;

6. ag cur suntas sa chomhar idir eu-LISA agus gníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (FRONTEX) maidir le forbairt ETIAS, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) i dtaca le Rialachán SIS (leagan athmúnlaithe),

Rialachán EES, Rialachán ETIAS agus an Rialachán maidir le hIdir-inoibritheacht a chur chun feidhme, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) maidir le córas ECRIS-TCN agus córas e-CODEX agus an Rialachán maidir le hIdir-inoibritheacht a chur chun feidhme, agus maidir le gníomhaíochtaí i dtaca le digitiú an chomhair bhreithiúnaigh a chomhordú, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) i ndáil leis an Rialachán ón gCoimisiún maidir leis an líonra cumarsáide leictreonaí 'DubliNet' a chur chun feidhme, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL) maidir le cúrsaí oiliúna comhpháirteacha ar úsáid chórais Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) a eagrú agus le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) maidir le cúrsaí oiliúna comhpháirteacha a eagrú ina gcuirtear béim ar ghné na gceart bunúsach i mbainistiú chórais faisnéise CGB; ag moladh do eu-LISA leanúint de bheith ag obair i gcomhar le gníomhaireachtaí AE;

7. ag tabhairt dá haire go bhfuil seirbhísí óstála á soláthar i gcónaí le haghaidh chóras cúltaca Frontex agus córas cúltaca Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann; ag cur suntas i bhforbairt agus cur chun feidhme 'an lárionaid sonraí mar sheirbhís' le haghaidh bainistiú oibríochtúil, faireachán agus pleanáil acmhainneachta an bhonneagair TF a úsáideann córais CGB a lárú; á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh dul chun cinn i leith na n-ullmhúchán don lárionad sonraí modúlach a bheidh ann amach anseo a sholáthróidh inniúlacht mhaolánach bhreise agus a mhéadóidh an acmhainneacht de 50% chun córais nua CGB a óstáil; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé reachtaíocht AE a chomhlíonadh, go háirithe ó thaobh cosaint sonraí de;

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Dáta an ghlactha	23.1.2024
Toradh na vótála críochnaithí	+: 55 –: 0 0: 2
Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Patricia Chagnon, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Cornelia Ernst, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in ‘t Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Diana Riba i Giner, Isabel Santos, Birgit Sippel, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Jana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Cyrus Engerer, José Gusmão, Beata Kempa, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Anne-Sophie Pelletier, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Maria Walsh, Tomáš Zdechovský
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Andrus Ansip, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Marisa Matias, Caroline Nagtegaal

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

Dearbhaíonn an Rapóirtéir faoina fhreagracht eisiach nach bhfuair sé ionchur ó aon eintiteas ná ó aon duine atá le lua san Iarscríbhinn seo de bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta.

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

55	+
ECR	Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo
ID	Nicolaus Fest, Tom Vandendriessche
NI	Laura Ferrara
PPE	Magdalena Adamowicz, Hildegard Bentele, Maria da Graça Carvalho, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Leopoldo López Gil, Janina Ochojska, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Maria Walsh, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský
Renew	Abir Al-Sahlani, Andrus Ansip, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Moritz Körner, Caroline Nagtegaal, Maite Pagazaurtundúa, Bergur Løkke Rasmussen, Róża Thun und Hohenstein, Jana Toom
S&D	Katarina Barley, Pietro Bartolo, Theresa Bielowski, Cyrus Engerer, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Javier Moreno Sánchez, Isabel Santos, Birgit Sippel, Elena Yoncheva
The Left	Cornelia Ernst, José Gusmão, Marisa Matias, Anne-Sophie Pelletier
Verts/ALE	Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Damien Carême, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik

0	-

2	0
ID	Patricia Chagnon
NI	Milan Uhrík

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh